# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige






Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

01 Deireadh Fomhair 2020

### Ó HÉALAÍ: Ó NEART GO NEART

Tá **Dónall Ó Héalaí** as na hAille in Indreabhán a bhfuil ainmniúchán IFTA faighte aige don phríomhaisteoir is fearr mar gheall ar á pháirt in Arracht, ainmnithe ar liosta "*Stars of Tomorrow*" na hirise *Screen International*, a thugann aitheantas d'aisteoirí sa mBreatain agus in Éirinn a bhfuil an-ghealladh fúthu. Roinn an t-aisteoir an dea-scéal ar na meáin shóisialta le deireanaí. Tá ardmholadh á thabhairt do shaothar Dhónaill le fada agus bronnadh gradam *Aer Lingus Discovery* air ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath níos luaithe i mbliana. Tá muid bródúil asat i gCois Fharraige a Dhónaill, le gradaim nó gan gradaim!






### COMHGHAIRDEACHAS LE ROTHAITHE CHOIS FHARRAIGE

Comhghairdeachas le Brian Mac Donncha agus Fáinse Ní Chéidigh a ghlac páirt i **Rothaí na Gaeltachta** le gairid. Do rogha aistear a dhéanamh agus idir 10-100km a chlúdaigh ar do bhealach i rith deireadh seachtaine amháin an dúshlán a bhí le comhlíonadh. Thaisteal Brian 108km taobh istigh de cheithre uair go leith. D'éirigh lena chomhghleacaí Fáinse 102km a dhéanamh taobh istigh den am céanna. Tá éacht déanta ag na rothaithe seo ar son Chois Fharraige! Maith sibh a chairde!

### SEIMINEÁIR AN FHÓMHAIR Ó GHAELOIDEACHAIS

D'fhógair **Gaeloideachas** a gClár Seimineáir don Fhómhar ar líne, le deireanaí. Clúdaíonn na seimineáir topaicí éagsúla ó Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, Riachtanais Speisialta Oideachais agus Fóineolaíoct agus Litearthacht go Léitheoireacht sna hArdranganna. Beidh na ceardlanna á seachadadh ar Zúm i mbliana. Beidh na ceardlanna an-áisiúil do mhúinteoirí agus dóibh siúd atá ag obair i réimse an oideachais go háirid. Le clárú, nó le tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig www.gaeloideachas.ie. Tá eolas le fáil freisin ar chuntas Facebook: Gaeloideachas.




### NA BUGAÍ BEOGA


Tá **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag eagrú **Na Bugaí Beoga** chuile mhaidin Chéadaoine ag 9:30 r.n. Casfar le chéile in ionad **Splanc** ar an gCeathrú Rua sula dtosófar! Is seisiún aclaíochta é seo a thugann deis do Mhama/Deaide/duine fásta dreas traenála a dhéanamh le bugaí i gcomhluadar a chéile. Is féidir níos mó eolais a fháil agus clárú ag aisling@tuismitheoiri.ie




Tuismitheoirí na Gaeltachta

### CLUB SCANNÁN SAILEARNA AR AIS!

Cuirfear tús le séasúr nua **Chlub Scannán Sailearna** ar an 8 Deireadh Fómhair, leis an scannán iomráiteach ón bhFrainc *Portrait of a Lady on Fire*, atá suite sa mBriotáin le linn deireadh an 18ú aois. Beidh scannán le feiceáil chuile oíche Déardaoin ag tosú ag 8.15i.n ar an scáileán mór san Amharclann i **Seanscoil Sailearna**. Taispeánfar 10 scannán ar fad i dteangacha éagsúla, le fotheidil i mBéarla. De bharr srianta sláinte Chovid-19, ní ghlacfar ach le 30 ball sa gclub an séasúr seo, le scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm san amharclann. Is ar líne amháin atá ballraíocht ar fáil ag www.clubscannan.ie. Tá tuilleadh eolais le fáil ann freisin faoi na scannáin a bheas á dtaispeáint idir seo agus an Nollaig nó is féidir scríobh chuig clubscannan@gmail.com






### COMÓRTAS TALLAINE AR LÍNE

Tá comórtas tallaine ar líne, trí mheán na Gaeilge, á reáchtáil ag **Cumann na bhFiann** i gcomhar le **Foras na Gaeilge**. Iarrtar ar dhaoine óga idir 9-12 iarratas a dhéanamh roimh an Déardaoin 8 Deireadh Fómhair. Beidh duais ar fáil don chéad, dara agus tríú háit! Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.cnb.ie Go n-éirí go geal libh, a chairde!

## SLÍ NA BHFILÍ

Seolfar **Slí na bhFilí** ag ócáid ar líne atá á reáchtáil ag **Muintearas** ar an Satharn 3 Deireadh Fómhair @ 8i.n. Is liosta le háireamh iad na healaíontóirí aitheanta iontacha a bheas páirteach sa gceiliúradh: leithéidí Liam Ó Maonlaí, Peadar Ó Riada, Megan Nic Ruairí, Deirdre Sweeney, Rodney Mac Donald agus Lewis MacKinnon san áireamh. Beidh an seoladh le feiceáil ar líne ag www.muintearas.com. Tá tuilleadh eolais le fáil ag 091 551 145 nó ríomhphost a sheoladh chuig muintearas@muintearas.com Treise libh a chairde!

## RANGANNA CONCAIRTÍNA

Tuairiscíodh le gairid go bhfuil ranganna consairtín á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta faoin scéim **Cuisle.** I Seanscoil Sailearna, chuile Mháirt ón 5 -7i.n. a bheas na ranganna ar siúl. Is í Ríona Ní Chonbuí an teagascóir. Is féidir clárú ar líne, ag suíomh idirlín Ealaín na Gaeltachta nó glaoch ar ar 087 384 0890.




## GLÓR AN FHÓMHAIR

Beidh **Glór an Fhómhair** á láithriú ag Siún Ní Dhuinn. Seo sraith cainteanna agus ceardlanna atá díreach seolta ag Glór na nGael bunaithe ar thraenáil agus ar oiliúint i réimsí éagsúla. Beidh neart aoichainteoirí den scoth páirteach ann, ag caint faoi réimsí ar leith cosúil leis an meabhairshláinte , athrú aeráide, faisean inathnuaite agus tógáil clainne. Leanfaidh na seisiúin ar feadh mhí Dheireadh Fómhair. Tá fáilte roimh cách agus féadfar ceisteanna a sheoladh chuig na haoichainteoirí roimh ré trí ríomhphost a sheoladh chuig cabrini@glornangael.ie Is féidir breis eolais a fháil faoi ar chuntas Facebook ag Glór na nGael




## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

### - TORTHAÍ NA MBAN -

| **Dé Luain 28/09 F14 R6 (Peil)** | |
|---|---|
| CLG Bhearna | 4-06 |
| Tuaim/An Cartún | 4-08 |
| **Domhnach 27/09 F12 R2 (Peil)** | |
| CLG Micheál Breathnach | 5-05 |
| Maigh Cuilinn | 2-06 |
| **Dé Sathairn 26/09 F12 R1 (Peil)** | |
| An Spidéal | 3-10 |
| Baile Chláir A | 3-08 |

### - TORTHAÍ NA BHFEAR-

| **Domhnach 27/09 (Peil) F13 G4** | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 0-01 |
| Paróiste Mhichíl | 8-11 |
| **Dé Sathairn 26/09 (Peil) Sóis. A** | |
| CLG Bhearna | 3-17 |
| Na Piarsaigh | 1-09 |
| **Dé Sathairn 26/09 (Peil) Só. F13 G9** | |
| CLG Micheál Breathnach | 3-11 |
| Rinn Mhaoile | 6-03 |

Fógraíodh le gairid go bhfuil comórtas grianghrafadóireachta á reáchtáil ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo, le pictiúir a bhailiú dá bhféilire 2021. 'Do Cheantar' atá mar théama an chomórtais - le réimse leathan áiteanna luaite acu, ó na hOileáin agus Ros a' Mhíl go Indreabhán agus an Spidéal. Glacfar le hiarratas go dtí an Aoine 23 Deireadh Fómhair. Moltar na hiarratais a sheoladh le ríomhphost go dtí feilireccccteo@gmail.com




Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar a leathanach Facebook: Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo. Go n-éirí le chuile dhuine a ghlacann páirt ann!

**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i *Scéal, Scéal, Scéal*, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!**

## INTÉIREACHT AG TELEGAEL

Tuairiscíodh le deireanaí go bhfuil deis oiliúna, dírithe ar dhearadh cúlra, lán-aimseartha, íoctha ar fáil le Telegael. Trí mhí a mhairfidh an intéireacht. Is féidir an obair a dhéanamh ó chian, ach moltar go mbeadh an té a cheapfar lonnaithe taobh istigh de 45km den Spidéal. Caithfidh céim nó dioplóma i mbeochan, líníocht nó dearadh cluichí maraon le taithí i gcúrsaí cumarsáide agus bainistiú ama a bheith ag an té a roghnófar. Seol CV, litir chumhdaigh agus nasc pórtfóilio chuig morgan@ telegael.com chun iarratas a dhéanamh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.telegael.com nó is féidir glaoch ar 091558600 Glacfar le hiarrtais suas go dtí 5i.n. ar an Aoine 9 Deireadh Fómhair 2020. Go n-éirí go geal libh!